Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**5872/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0027(NLE)**

**AVIATION 18**
**RELEX 97**
**CLIMA 24**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Feabhra 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 59 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le glacadh Leasuithe ar roinnt Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 59 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 59 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.2.2020
COM(2020) 59 final

2020/0027 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le glacadh Leasuithe ar roinnt Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i ndáil le glacadh na leasuithe seo a leanas ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago") ag Comhairle ICAO ina 219ú seisiún a liostaítear thíos:

– Glacadh Leasú 176 ar Iarscríbhinn 1

– Glacadh Leasú 79 ar Iarscríbhinn 3

– Glacadh Leasú 61 ar Iarscríbhinn 4

– Glacadh Leasú 44 ar Iarscríbhinn 6, Cuid I

– Glacadh Leasú 37 ar Iarscríbhinn 6, Cuid II

– Glacadh Leasú 23 ar Iarscríbhinn 6, Cuid III

– Glacadh Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar I

– Glacadh Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar II

– Glacadh Leasú 52 ar Iarscríbhinn 11

– Glacadh Leasú 18 ar Iarscríbhinn 13

– Glacadh Leasú 15 ar Iarscríbhinn 14, Imleabhar I

– Glacadh Leasú 9 ar Iarscríbhinn 14, Imleabhar II

– Glacadh Leasú 41 ar Iarscríbhinn 15

– Glacadh Leasú 13 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar I

– Glacadh Leasú 10 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar II

– Glacadh Leasú 1 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar III

– Glacadh Leasú 13 ar Iarscríbhinn 18

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm do Choinbhinsiún Chicago an t-aeriompar idirnáisiúnta a rialú. Tháinig Coinbhinsiún Chicago i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947 agus bunaíodh ICAO leis.

Tá na Ballstáit go léir ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### 2.2. An Chomhairle um an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é ICAO. Is iad aidhmeanna agus cuspóirí ICAO prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid an Choinbhinsiúin í Comhairle ICAO dá bhfuil 36 stát chonarthacha ina gcomhaltaí agus is é Comhthionól ICAO a thoghann na stáit chonarthacha sin ar feadh trí bliana. Tá ionadaithe roinnt Ballstát ar Chomhairle ICAO ar feadh na tréimhse 2019 - 2022.

Áirítear ar fheidhmeanna éigeantacha Chomhairle ICAO, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, glacadh caighdeán idirnáisiúnta agus cleachtas molta, dhá rud a leagtar amach mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

### 2.3. Gníomh na Comhairle um an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta atá beartaithe

Le linn a 219ú seisiún, glacfaidh Comhairle ICAO Leasuithe ar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ("na gníomhartha atá beartaithe"). Leagtar amach na mionsonraí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh ón gComhairle atáthar a bheartú.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Glacfaidh Comhairle ICAO le linn a 219ú seisiún, ag tosú di an 2 Márta 2020, roinnt leasuithe ar Iarscríbhinní éagsúla a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht, timpeallacht agus aerloingseoireacht. Leagtar amach na mionsonraí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh ón gComhairle atáthar a bheartú.

Maidir le gach pointe, tagraítear san Iarscríbhinn freisin do reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais. Dá thoradh sin, beidh na Leasuithe go léir dá dtagraítear sna réimsí sin a chumhdaítear le dlí an Aontais agus, mar sin, faoi inniúlacht eisiach sheachtrach de chuid an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, ag féachaint do reachtaíocht ábhartha an Aontais, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ina 219ú seisiún de Chomhairle ICAO tacú leis na leasuithe atáthar a bheartú. I roinnt cásanna, cáilítear an tacaíocht sin le barúlacha faoi na mionsonraí ach ní dhéanfar difear do na prionsabail ghinearálta atá taobh thiar de na Leasuithe a mholtar. Leagtar amach na mionsonraí go léir san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh ón gComhairle atáthar a bheartú.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos "*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*."

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[1].

Áirítear ar na "*gníomhartha [...].a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*" gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh "*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*"[2].

---

[1] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[2] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í an Chomhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.

Is é atá sna gníomhartha a iarrtar ar an gComhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a ghlacadh gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Tá éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha atá beartaithe mar go n-athróidh siad roinnt caighdeán lena bhféadfaí oibleagáid dlí cheangailteach a chruthú faoi Airteagail 37 agus 38 de Choinbhinsiún Chicago.

Ina theannta sin, tugtar isteach roinnt athruithe ar a dtugtar "moltaí" leis na Leasuithe. In ainneoin a n-ainmníochta, is iad na cineálacha "moltaí" atá iontu go n-athraíonn siad an staid dhlíthiúil mar atá faoi na caighdeáin atá ann cheana.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú de thoradh na ngníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a bheartú.

## 4.2. Bunús substainteach dlí

### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substainteach dlí maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh bheartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar na ngníomhartha atá beartaithe le comhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús substainteach dlí an nós imeachta don chinneadh atáthar a bheartú.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atáthar a bheartú.

2020/0027 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le glacadh Leasuithe ar roinnt Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago"), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Chomhairle leis an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is stáit chonarthacha de Choinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit agus is comhaltaí de ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach i gcomhlachtaí áirithe ICAO.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta a ghlacadh.

(4) Tá an Chomhairle, le linn a 219ú seisiún ag tosú an 2 Márta 2020, le roinnt Leasuithe ar Iarscríbhinní éagsúla a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a ghlacadh, sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht, timpeallacht agus aerloingseoireacht. Baineann sin le hIarscríbhinní 1, 3, 4, 6, 10, 11, 13, 14, 15, 16 agus 18.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle ICAO a bhunú mar go bhfuil éifeacht dhlíthiúil ag na Leasuithe atáthar a bheartú, ós rud é go bhféadfaidh siad tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais agus an tionchar sin a imirt go hiomlán nó go páirteach, rud dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. A luaithe a ghlacfar iad, beidh na Leasuithe atá beartaithe ceangailteach ar gach Stát ICAO, lena n-áirítear gach Bhallstát, i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Chicago agus laistigh díobh. Ceanglaítear le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago ar Stáit chonarthacha fógra a thabhairt do ICAO más rún leo imeacht ó chaighdeán, faoin sásra i leith fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí.

(6) Tacaíonn an tAontas le polasaithe atá sna Leasuithe ós rud é go gcuireann siad le caighdeáin sábháilteachta eitlíochta agus caighdeáin timpeallachta a fheabhsú.

(7) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa 219ú seisiún de Chomhairle ICAO.

*Airteagal 2*

Déanfaidh Ballstáit an Aontais, ar comhaltaí iad de Chomhairle ICAO, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*